Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 25 Feabhra 2025
(OR. ga)

6119/25

LIMITE

CORLX 191
CFSP/PESC 273
COARM 36

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le gníomhaíochtaí for-rochtana de chuid an Aontais lena dtacaítear le cur chun feidhme an Chonartha Trádála Arm |

**CINNEADH (CBES) 2025/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**maidir le gníomhaíochtaí for-rochtana de chuid an Aontais lena dtacaítear le cur chun feidhme an Chonartha Trádála Arm**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 28(1) agus Airteagal 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an Conradh Trádála Arm (CTA) an 2 Aibreán 2013 agus tháinig sé i bhfeidhm an 24 Nollaig 2014. Is Stáit is Páirtithe in CTA ('Stáit is Páirtithe') iad Ballstáit uile an Aontais.

(2) Is é is aidhm do CTA na comhchaighdeáin idirnáisiúnta is airde is féidir a bhunú maidir le rialú a dhéanamh ar thrádáil dlíthiúil gnáth-arm agus trádáil aindleathach gnáth-arm a chosc agus a dhíothú agus cosc a chur ar atreorú na n-arm sin. CTA a chur chun feidhme go héifeachtach ag na Stáit is Páirtithe agus go ndéanfaí é a uiliú, sin iad na príomhdhúshláin atá ann agus é á chur san áireamh gur dianiarracht dhomhanda é an trádáil idirnáisiúnta arm a rialú. Chun rannchuidiú le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2013/768/CBES[1], rud a mhéadaigh punann chúnaimh an Aontais maidir le rialú onnmhairiúcháin le gníomhaíochtaí a bhaineann go sonrach le CTA. Tháinig Cinntí (CBES) 2017/915[2] agus (CBES) 2021/2309[3] ón gComhairle maidir le gníomhaíochtaí for-rochtana an Aontais mar thaca le cur chun feidhme CTA tar éis an Chinnidh sin.

---

1 Cinneadh 2013/768/CBES ón gComhairle an 16 Nollaig 2013 maidir le gníomhaíochtaí de chuid an Aontais lena dtacaítear le cur chun feidhme an Chonartha Trádála Arm, faoi chuimsiú Straitéis Shlándála na hEorpa (IO L 341, 18.12.2013, lch. 56, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2013/768/oj).

2 Cinneadh (CBES) 2017/915 ón gComhairle an 29 Bealtaine 2017 maidir le gníomhaíochtaí for-rochtana an Aontais lena dtacaítear le cur chun feidhme an Chonartha Trádála Arm (IO L 139, 30.5.2017, lch. 38, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2017/915/oj).

3 Cinneadh (CBES) 2021/2309 ón gComhairle an 22 Nollaig 2021 maidir le gníomhaíochtaí for-rochtana an Aontais lena dtacaítear le cur chun feidhme an Chonartha Trádála Arm (IO L 461, 27.12.2021, lch. 78, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2021/2309/oj).



PUBLIC

(3) Chuidigh gníomhaíochtaí a rinneadh faoi Chinntí 2013/768/CBES, (CBES) 2017/915 agus (CBES) 2021/2309 le tíortha comhpháirtíochta raon leathan réimsí a chumhdach a bhaineann le córais náisiúnta rialaithe aistrithe arm a bhunú agus a fhorbairt, faoi mar a cheanglaítear le CTA. Rinneadh comhar a fhorbairt le roinnt tíortha is tairbhithe nár tugadh aghaidh orthu cheana faoi ghníomhaíochta cúnaimh eile de chuid an Aontais a bhaineann le rialú onnmhairiúcháin, rud a léiríonn cineál domhanda CTA. Is gá obair leantach a dhéanamh le tíortha is tairbhithe sin chun a áirithiú go leanfar den dul chun cinn agus chun for-rochtain réigiúnach ag na tíortha sin a spreagadh.

(4) Chomh maith le leanúint de na gníomhaíochtaí leis na tíortha comhpháirtíochta reatha, tá sé inmholta an comhpháirtíocht a leathnú, ar bhonn eisceachtúil, chuig tíortha eile a bhfuil riachtanais sainaitheanta acu maidir le haontachas le CTA nó lena chur chun feidhme i bhforéigiúin ina bhfuil comhpháirtíochtaí ag na gníomhaireachtaí cur chun feidhme cheana féin, arna iarraidh sin do na tíortha sin, mar aitheantas ar luach chur chuige réigiúnaigh maidir le cur chun feidhme agus le huiliú CTA.

PUBLIC

(5) Is gá comhlántacht agus sineirge a áirithiú idir na gníomhaíochtaí for-rochtana agus cúnaimh dá bhforáiltear sa Chinneadh seo agus gníomhaíochtaí comhchosúla eile, lena n-áirítear iad siúd dá bhforáiltear i gCinntí (CBES) 2023/2296[1] agus (CBES) 2025/208[2] ón gComhairle, agus na gníomhaíochtaí sin de chuid an Aontais a bhaineann le cúnamh rialaithe ar onnmhairiú earraí dé-úsáide. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach malartuithe faisnéise rialta a dhéanamh idir gníomhaireachtaí cur chun feidhme le haghaidh ghníomhaíochtaí for-rochtana an Aontais i réimse an rialaithe ar onnmhairiú arm, chomh maith le idir na gníomhaireachtaí cur chun feidhme sin agus an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí. Le malartuithe den sórt sin, spreagfar saineolaithe ó Bhallstáit eile a bheith rannpháirteach, i gcás inarb ábhartha.

(6) Chuir an Chomhairle de chúram roimhe seo ar Oifig Cónaidhme na Gearmáine um Ghnóthaí Eacnamaíocha agus Rialú ar Onnmhairiú, (Bundesamt für Wirtschaft und Ausfuhrkontrolle - BAFA) agus Expertise France cur chun feidhme teicniúil a dhéanamh ar thionscadail mar thaca le CTA,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

---

1 Cinneadh (CBES) 2023/2296 ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2023 maidir le tacaíocht ón Aontas do ghníomhaíochtaí Rúnaíocht an Chonartha Trádála Arm mar thaca le cur chun feidhme an Chonartha Trádála Arm (IO L, 24.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2296/oj).

2 Cinneadh (CBES) 2025/208 ón gComhairle an 30 Eanáir 2025 chun tacú le tionscadal maidir le rialuithe éifeachtacha ar onnmhairiú arm a chur chun cinn (IO L, 31.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/208/oj).

*Airteagal 1*

1. Chun tacú le cur chun feidhme éifeachtach agus uiliú an Chonartha Trádála Arm (CTA), tabharfaidh an tAontas faoi ghníomhaíochtaí tionscadail a bhfuil na cuspóirí seo a leanas acu:

   (a) acmhainneachtaí rialaithe aistrithe arm agus saineolas maidir le cur chun feidhme CTA a threisiú nó a fhorbairt i dtíortha is tairbhithe;

   (b) for-rochtain chuig tíortha eile, lena n-áirítear Stáit nach Páirtithe in CTA iad, d'fhonn tacú le huiliú CTA ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus iltaobhach.

2. Chun na cuspóirí a leagtar amach i mír 1 a bhaint amach, tabharfaidh an tAontas faoi na gníomhaíochtaí tionscadail seo a leanas:

   (a) ceardlanna náisiúnta;

   (b) cúnamh *ad hoc*;

   (c) gníomhaíochtaí a bhaineann le hoiliúint a chur ar an oiliúnóir;

   (d) gníomhaíochtaí réigiúnacha agus iltaobhacha, mar shampla comhdhálacha, ceardlanna agus cuairteanna staidéir;

   (e) imeachtaí eile.

   Déantar cur síos mionsonraithe ar ghníomhaíochtaí an tionscadail san Iarscríbhinn.

PUBLIC

3. Cuirfear na gníomhaíochtaí tionscadail dá dtagraítear sa Chinneadh seo chun feidhme i gcomhlántacht agus i sineirge le tionscadail chúnaimh de chuid an Aontais i réimse an rialaithe onnmhairiúcháin maidir le gnáth-airm agus earraí dé-úsáide agus, i gcás inarb iomchuí, le tionscadail chúnaimh deontóirí eile i réimse an rialaithe ar thrádáil arm.

*Airteagal 2*

1. Beidh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí') freagrach as an gCinneadh seo a chur chun feidhme.

2. Is iad Oifig Cónaidhme na Gearmáine um Ghnóthaí Eacnamaíocha agus Rialú ar Onnmhairiú (Bundesamt für Wirtschaft und Ausfuhrkontrolle - BAFA) agus Expertise France a dhéanfaidh cur chun feidhme teicniúil na ngníomhaíochtaí tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 1(2).

3. Déanfaidh BAFA agus Expertise France a gcuid cúraimí faoi fhreagracht an Ardionadaí. Chun na críche sin, déanfaidh an tArdionadaí na socruithe is gá le BAFA agus Expertise France.

*Airteagal 3*

1. Is é EUR 3 100 000,00 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais le haghaidh chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 1(2).

PUBLIC

2. Déanfar an caiteachas a mhaoineofar leis an méid tagartha a leagtar amach i mír 1 a bhainistiú i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus na rialacha is infheidhme maidir le buiséad an Aontais.

3. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar dhea-bhainistiú an mhéid tagartha airgeadais dá dtagraítear i mír 1. Chun na críche sin, tabharfaidh sé na comhaontuithe riachtanacha i gcrích le BAFA agus le Expertise France. Sonrófar sna comhaontuithe go n-áiritheofar le BAFA agus Expertise France infheictheacht ranníocaíocht an Aontais, ar bhealach a bheidh iomchuí lena méid.

4. Déanfaidh an Coimisiún iarracht an comhaontú dá dtagraítear i mír 3 a thabhairt i gcrích a luaithe is féidir tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo. Cuirfidh sé an Chomhairle ar an eolas maidir le haon deacrachtaí sa phróiseas sin agus maidir leis an dáta a thabharfar na comhaontuithe sin chun críche.

*Airteagal 4*

1. Tuairisceoidh an tArdionadaí don Chomhairle maidir le cur chun feidhme an Chinnidh seo ar bhonn tuarascálacha bliantúla arna n-ullmhú ag BAFA agus Expertise France.

2. Cuirfidh an Coimisiún faisnéis ar fáil faoi ghnéithe airgeadais chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 1(2).

PUBLIC

*Airteagal 5*

1. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

2. Rachaidh an Cinneadh seo in éag 36 mhí tar éis an dáta a thabharfar na comhaontuithe dá dtagraítear in Airteagal 3(3) i gcrích nó 6 mhí tar éis dháta a theacht i bhfeidhm mura dtabharfar na comhaontuithe sin i gcrích laistigh den tréimhse sin.

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC

# IARSCRÍBHINN

[…]

PUBLIC